
Iarnród Éireann





# 2004

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN 2004



PRN. No. 0153

# Clár


| | |
|---|---|
| Forléagas Oibríochtaí | 3 |
| Stiúrthóirí agus Eolas Eile | 5 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 6 |
| Ráiteas de Fhreagracht na Stiúrthóirí | 8 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 9 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 11 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 14 |
| Clár Comhardaithe | 15 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 16 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 17 |
| Athbhreithniú Oibríochtaí | 34 |


PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Ba mhaith le hIarnród Éireann aitheantas a thabhairt do mhaoiniú ar mhórthionscadail ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 chomh maith le haitheantas a thabhairt do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Ghriangraf an Príomhchlúdaigh:** Traen DART ag dul trí Lár Chathair Bhaile Átha Cliath – faoi dheireadh 2005 beidh cumas DART tar éis fás dhá oiread laistigh de chúig bliana.

**Griangrafadóir:** Gerry Grace **Dearadh:** First Impression

# Forléargas Oibríochtaí

Bliain mhaith a bhí sa bhliain anuraidh ag Iarnród Éireann ó thaobh dul chun cinn leanúnach maidir le seachadadh a dhéanamh ar shochair infheistíochta do chustaiméirí.

Tar éis blianta fada de thearcinfheistíocht i ngach gné den tseirbhís iarnróid agus líonra tá an chuideachta anois tagtha chun deiridh chéim 1999-2004 den infheistíocht, tréimhse ar seachadadh feabhsúcháin go fírinneach do chustaiméirí DART agus Comaitéara, agus rinneadh ráillí, comharthaíocht, crosairí comhréidh, stáisiúin agus cumaráidí iarnróid a thabhairt suas chun dáta ar bhealaí Intercity.

Sa dara céim den infheistíocht a tharlóidh thar na ceithre bliana le teacht déanfar leathnú ar sheirbhísí do chustaiméirí DART agus Comaitéara agus déanfar mórfheabhsúcháin ó thaobh chaighdeán agus minicíochtaí seirbhísí do chustaiméirí Intercity.

Tá infheistíocht de bhreis is €1.5 billiún déanta ag Iarnród Éireann ó thaobh atógáil a dhéanamh ar na hiarnróid ó 1999 le tacaíocht Rialtais agus AE do chlár infheistíochta ag seachadadh feabhsúchán ó thaobh traenacha nua, infrastruchtúr uasghrádaithe agus saoráidí custaiméirí.

Tá fás leanúnach ar an éileamh feadh seirbhísí Intercity, DART agus Comaitéara le líon paisinéirí measta do 2004 ag 34.6 milliún turas. Meastar gur laghdaíodh turas paisinéirí thart ar 2.7 milliún (0.6 milliún in 2003) de bharr dúnta leanúnacha deiridh seachtaine sna seirbhísí DART. Is í an chomparáid i bhfigiúr turais phaisinéirí coigeartaithe do 2004 ná 37.3 milliún i gcomparáid le turais phaisinéirí coigeartaithe de 36.2 milliún in 2003, ardú de 3.0% feadh Seirbhísí DART, Comaitéara agus Intercity.

Soláthróidh tionscadail infheistíochta traenacha nua, saoráidí níos fearr do chustaiméirí iarnróid agus leanfar ag seachadadh seirbhísí custaiméirí níos fearr in am agus ar buiséad nó níos fearr ná sin.

## Torthaí Airgeadais

Ba é an barrachas roimh itímí eisceachtúla in 2004 ná €2.4 i gcomparáid le barrachas in 2003 de €0.7 milliún, feabhsúchán de €1.7 milliún.

San áireamh sna torthaí oibriúcháin tá caillteanais ioncaim a mheastar a bheith thart ar €4.6 milliún ag eascairt as dúnadh seirbhísí DART ar chuid mhaith deiridh seachtainí le linn na bliana le deis a thabhairt tionscadal uasghrádaithe DART a thabhairt chun críche chomh luath agus is féidir.

Tabhaíodh easnamh glan iomlán de €16.7 milliún i ndiaidh itímí eisceachtúla de €19.1 milliún in 2004 i gcomparáid le heasnamh glan de €19.4 milliún in 2003, feabhas de €2.7 milliún.

## Seirbhísí Comaitéara Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

In 2004 bhí buntáiste ag custaiméirí comaitéara as an bhflít nua de 80 carr ráille comaitéara a tháinig isteach sa tseirbhís le casadh na bliana. Cuireadh acmhainn bhreise ar fáil do suas le 12,000 custaiméir buaicama in aghaidh an lae feadh sheirbhísí comaitéara Mhaigh Nuat, Dhroichead Átha agus Chill Dara. Tá sé sin riachtanach chun freastal ar an éileamh atá ag fás ó chrios comaitéara Bhaile Átha Cliath atá ag leathnú.

## Seirbhísí DART

Tá DART cheana féin ag soláthar 50% níos mó carráistí ar buaic-am ná mar a bhí in 2000. Ó phointe inar oibríodh seirbhísí 4 charráiste ag buaic-am tá DART anois ag oibriú traenacha 6 carráiste. Seachadadh ordú €80 milliún do 40 carráiste DART nua roimh an sceideal in 2004. Tá siad faoi láthair á dtástáil agus á dtabhairt chun seirbhíse de réir a chéile agus tabharfaidh na carráistí nua méid fhlít DART go 154. Tá an líon iompar paisinéirí sa ló ar DART ardaithe go

# Forléargas Oibríochtaí

90,000 agus tabharfaidh na carráistí nua in éineacht leis an gclár uasghrádaithe DART leanúnach DART 8 gcarráiste oibriú feadh na seirbhíse ó dheireadh 2005. Tabharfaidh sin chun críche ardú 100% ar mhéid na dtraenacha agus acmhainn custaiméirí ó 2000.

## Athnuachan ráille ar línte gathacha Intercity

Baineadh clochmhíle mhór amach i gclár athnuachana ráillí Iarnród Éireann in 2004 nuair a críochnaíodh i mí na Nollag athnuachan na gcodanna deiridh den ráille ar an lárlíonra gathach. Ciallaíonn sé sin ó 1999 rinneadh uasghrádú ar bhreis is 420 de ráille ó ráille siúnta ar shlípír adhmaid go ráille tathaithe nua-aimseartha leanúnach ar shlípír choincréite. Chomh maith le buntáistí sábháilteachta chuir sin feabhsúcháin ar amanna turas agus rinneadh athnuachan ar ráille ar na bealaí as Baile Átha Cliath go Gaillimh, Sligeach, Trá Lí, Port Láirge, Béal an Átha, Inis agus Ros Láir.

Thar chúig bliana rinne Iarnród Éireann níos mó uasghrádaithe ar na línte sin ná mar a rinneadh le 100 bliain roimhe sin. Tá iomlán de bhreis is €300 milliún infheistithe san obair athnuachana sin.

## Traenacha Nua do sheirbhísí Intercity

Agus infheistíocht Intercity dírithe ar ráille agus infrastruchtúr tosóidh traenacha nua ag teacht do Intercity in 2005 le 67 carráiste nua tiomanta do bhealach Chorcaigh/ Bhaile Átha Clith faoi láthair á dtógáil. Tá flít eile de 120 carr ráille Intercity ordaithe le seachadadh in 2007/2008. Seo é an t-ordú is mó riamh a rinne Iarnród Éireann, agus tabharfaidh deis uasdátú a dhéanamh ar sheirbhísí ar an líonra Intercity lena n-áirítear línte Chiarraí, na Gaillimhe, Chathair na Mart agus Phort Láirge.

## Mórthionscadail infheistíochta – in am agus ar buiséad

Lean Iarnród Éireann leis an stair mhaith atá acu ó thaobh mórthionscadail a sheachadadh in am agus ar buiséad in 2004.

Ba í an tsuim iomlán a bhain le Tionscadail Chaipitil a críochnaíodh le linn 2004 agus Tionscadail Chaipitil a bhí ar bun ag deireadh 2004 ná €1.5 billiún. Tugadh Tionscadail Chaipitil chun críche ag costas €273milliún in 2004 ag coigilt thart ar €16 milliún in aghaidh caiteachais cheadaithe.

Áiríodh sa chlár Caipitil mór-Thionscadail Infrastruchtúir agus Tionscadail Forbartha Líonra mar: Athfhorbairt Stáisiún Heuston, Uasghrádú DART, Athchomharthaíocht Bealaí Gathacha, Clár Athfhála Stoc Rollta agus Clár Sábhailteachta agus Athnuachaintí.

## Sábháilteacht

Leantar ag tabhairt na tosaíochta is airde do Bhainistíocht Sábháilteachta laistigh den eagraíocht. Chomh maith leis an infheistíocht i sonraíocht sábháilteachta níos airde do stoc rollta nua agus infrastruchtúr leagadh béim níos mó ar oiliúint sábháilteachta agus ar fheasacht sábháilteachta d'fhostaithe.

Níor maraíodh aon phaisinéir ná aon duine den fhoireann le linn 2004.

## Infheistiú i saoráidí d'éascaíocht do chustaiméirí.

Leanadh ag cur feabhas ar shaoráidí do chustaiméirí le linn na bliana trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun freastal ar riachtanais chustaiméirí nuair a tugadh isteach DARTXT, Áirithintí suíochán, agus meaisíní ceannach ticéad Uathoibríocha.

## Inrochtaine

Le linn na bliana rinne tuilleadh dul chun cinn mór ó thaobh ár gcuid seirbhísí a dhéanamh inrochtaine dár gcuid custaiméirí. Chomh maith leis sin bunaíodh Grúpa Úsáideoirí, ar a bhfuil ionadaithe ó úsáideoirí iarnróid lena mbaineann bacanna gluaiseachta agus amhaird chun monatóireacht a dhéanamh ar fheabhsúcháin inrochtaine agus comhairle a thabhairt fúthu.

# Stiúrthóirí agus Eolas Eile

**Stiúrthóirí Amhail an 6ú Aibreán, 2005**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | An Dr. J. J. Lynch |
| **Stiúrthóirí** | An tUasal P. Cullen, An tUasal G. Duggan,<br>A. M. Mannix, Uasal, An tUasal W. McCamley,<br>An Dr. P. Prescott |
| **Príomhfheidhmeannach** | An tUasal J. Meagher |
| **Rúnaí** | G. Finucane, Uasal |
| **Oifig Chláraithe** | Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1. |
| **Teileafón** | +353 1 836 3333 |
| **Faics** | +353 1 836 4760 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.irishrail.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119571 |
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers<br>Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe<br>Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a tuarascáil bhliantúil i láthair de réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí agus an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí a ghabhann leo agus ar cuid iad de na cuntais agus a áirítear sa tuarascáil seo, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta ná seirbhísí náisiúnta ráille intercity agus paisinéirí comaitéara a sholáthar, mar aon le seirbhísí lastais, seirbhísí lónadóireachta agus bainistiú a dhéanamh ar Europort Ros Láir.

Is i seilbh Chóras Iompair Éireann, comhlacht reachtúil faoi lánúinéireacht Rialtas na hÉireann é agus a fhreagraíonn don Aire Iompair, 100% de scairchaipeatal eisithe na cuideachta.

## Torthaí don Bhliain agus Staid Ghnóthaí Amhail an 31ú Nollaig, 2004

Tá torthaí don bhliain leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais ar leathanach 14.

## Athbhreithniú ar Fhorbairt Oibríochtaí Ghnó agus Pleananna Amach Anseo

Tá an fhaisnéis a éilíonn Alt 13 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 le fáil san Athbhreithniú Oibríochtaí.

## Rialú Inmheánach

Tá Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta ceaptha ag bord Iarnród Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, ar an rialú inmheánach agus ar chúrsaí comhlíonaidh, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus ar bhainistiú riosca. Tá grúpaí comhairleacha ceaptha freisin ag an mbord chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú tograí maidir leis an mórbhonneagar agus na mórthograí stoc rollta atá maoinithe ag an Státchiste agus ag an AE lena chinntiú go seachadófar na tograí in am agus ar bhuiséad. Tá roinnt grúpaí comhairleacha eile ceaptha freisin ag an mbord chun cuidiú leis sin. Tá siad comhdhéanta de Ghrúpa Comhairleach Sábháilteachta agus Grúpa Comhairleach Oibríochtaí.

## Cód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí de na polasaithe agus na nósanna imeachta arna bhfeidhmiú ag an gcuideachta tar éis fhoilsiú an Chóid Chleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit ar fáil i dtuarascail bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Gnóthas Reatha

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn gnóthais reatha agus tuairiscíonn na stiúrthóirí gur shásaigh siad iad féin gur gnóthas reatha í an chuideachta, a bhfuil dóthain acmhainní aici chun leanacht uirthi i mbun gnó amach anseo. Agus ag teacht ar an dearcadh sin dóibh, tá athbhreithniú déanta ag na stiúrthóirí ar an mbuiséad do 2005, na pleananna meántéarmacha agus ar chinneadh Bhord Chóras Iompair Éireann chun dóthain acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun riachtanais iasachta Iarnród Éireann do 2005 agus 2006 a mhaoiniú.

## Leabhair Chuntais

Is iad na hidirbheartaíochtaí a ghlac na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar oibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag ceannáras na cuideachta Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## An tAcht um Sháibheáilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

Tá sláinte agus sábháilteacht chustaiméirí agus foirne fíorthábhachtach don bhord. Déanann an Grúpa Comhairleach Sábháilteachta monatóireacht ar fheidhmiú sábháilteachta in aghaidh pleananna sábháilteachta bliantúla foirmiúla. Tacaíonn sé go gníomhach leis an gclár sábháilteachta agus spreagann sé an rannpháirtíocht is mó ó thaobh chur chun cinn sábháilteachta agus i gcosc timpistí.

## Íocaíocht Mhall Maidir le Rialacháin Idirbeartaíochtaí Tráchtála 2002

Aithníonn na stiúrthóirí a bhfreagracht maidir le comhlíonadh, i ngach ní, forálacha na hÍocaíochta Maille maidir le Rialacháin Idirbeartaíochtaí Tráchtála 2002. Feidhmíodh nósanna imeachta chun dátaí ar a mbeidh sonraisc dlite le híocaíocht a aithint agus lena chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí sin faoi na dátaí sin. Cuireann nósanna imeachta den sórt sin dearbhú réasúnach ar fáil in aghaidh neamh-chomhlíonta ábhartha na rialacháin.

## Stiúrthóirí agus Rúnaí

Ceapann cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí ag aon tráth i rith na bliana dar críoch an 31ú Nollaig, 2004 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

| | |
|---|---|
| An Dr. J.J. Lynch | Cathaoirleach (Athcheaptha 29ú Aibreán, 2004 agus 28ú Márta, 2005) |
| An tUasal J. Meagher | Stiúrthóir Bainistíochta (Athcheaptha 1ú Márta, 2004. Chuaigh ar scor 28ú Feabhra, 2005) |
| An tUasal P. Cullen | |
| An tUasal G. Duggan | (Chuaigh ar scor 8ú Nollaig, 2003, athcheaptha 9ú Feabhra, 2004 agus 9ú Feabhra, 2005) |
| An tUasal P. Ellis | (Athcheaptha 1ú Meitheamh, 2004. D'éag 26ú Iúil, 2004) |
| A.M. Mannix, Uasal | |
| An tUasal W. McCamley | |
| An Dr. P. Prescott | (Athcheaptha 1ú Bealtaine, 2004) |

Ní raibh seilbh ag aon stiúrthóir ar aon leas, aon scaireanna nó aon bhintiúr de chuid na cuideachta, a cuideachta shealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag tráth ar bith i rith na bliana. Ní dhearnadh aon chonradh nó socruithe i rith na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir maidir le gnó an Ghrúpa. Tá gnáthscair amháin ina s(h)eilbh ag an rúnaí mar ainmní Bhord Chóras Iompair Éireann.

D'éirigh an tUasal R. O'Farrell as a phost mar Rúnaí Cuideachta an 28ú Meán Fómhair, 2004 agus ceapadh G. Finucane, Uasal ina áit.

## Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasaóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird
**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach
**An tUasal G. Duggan,** Stiúrthóir
6ú Aibreán, 2005.

# Ráiteas de Fhreagracht na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thabharfaidh léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus barrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann le fios le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus go gcomhlíonann siad ceanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2003. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus aon mhírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Iarnród Éireann-Irish Rail

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 11 go dtí 23 agus ar na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sa ráiteas de bheartais chuntasaíochta ar leathanaigh 11 go dtí 15.

## Freagrachtaí faoi Seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí na hÉireann lena mbaineann agus na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 8 i Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é ár bhfreagracht ná inúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúla agus rialaitheacha agus de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta is infheidhme in Éirinn. Tá an tuarascáil seo, lena n-airítear an tuairim, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsan amháin, mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid duitse ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cibé an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003. Luaimid cibé an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid duit freisin ár dtuairim maidir le:

- cibé an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- cibé an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe, níos mó ná leath a scairchaipitil ghlaoite.

Tuairiscímid freisin duitse, más rud é, inár tuairim, nach nochtaítear faisnéis atá sonraithe le dlí i ndáil le luach saothair stiúrthóirí agus idirbheartaíochtaí.

## Bunús Thuairim an Iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gcaighdeán iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí d'imthosca na cuideachta, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtaítear go dóthanach iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise

# Tuarascáil na nIniúchóirí

nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31ú Nollaig, 2004 agus ar a easnamh agus sreabhadh airgid don bhliain dar críoch amhlaidh agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 6 go dtí 7 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 15, níos mó ná leath méid a scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh aon staid airgeadais ann ag an 31ú Nollaig, 2004, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, a d'éileodh go dtionólfaí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta.

**PricewaterhouseCoopers**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

6ú Aibreán, 2005.

*(a) Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Chóras Iompair Éireann; ní bhaineann breithniú ar na nithe sin leis an obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar dtús ar an láithreán gréasáin iad.*

*(b) D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.*

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta shuntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta leo in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil.

Déileáiltear le Dubel Limited, fochomhlacht faoi lánúinéireacht, mar chraobh de Iarnród Éireann-Irish Rail chun críche cuntasaíochta.

Tá athbhreithniú déanta ar chomparáidí na bliana roimhe sin chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is mar seo a leanas an bunús chun dímheas a ríomh:

### (i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá línte agus oibreacha iarnróid comhdhéanta de líonra de chórais. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra atá cheana ann, a chothabhálann an acmhainn oibríochta de réir chaighdeáin shainmhínithe seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus cuirtear san áireamh iad ag costas tar éis deontais a bhaint as.

Is é an muirear dímheasa do na línte agus oibreacha iarnróid an leibhéal measta den chaiteachas bliantúil a bhíonn riachtanach chun acmhainneacht oibríochta an líonra a chothabháil agus tá sé bunaithe ar phlean bhainistiú sócmhainní na cuideachta.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a mheadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a acmhainn oibríochta sa bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus déantar é a dhímheas thar a shaol úsáideach.

### (ii) Stoc rollta iarnróid

Déantar innill traenach (ach amháin iad sin a ndéantar lárdímheas orthu no a fhaightear gan aon chostas) a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

Déantar carranna ráille, an stoc cóistí agus vaigíní a dhímheas freisin, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil usáidigh ionchasaigh.

### (iii) Feithiclí lastais bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil usáidigh ionchasaigh ag baint úsáide as modh shuim na bhfigiúirí.

### (iv) Dugaí, cuanta agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar an aicme thuasluaite de shócmhainní a dhímheas trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

### (v) Foirgnimh

Déantar foirgnimh a dhímheas trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe thar saoil caoga bliain.

## (C) Sócmhainní Léasaithe

### (i) Léasanna airgeadais

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a chuntasú de réir SSAP 21(Cuntasú do Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Cuirtear costas caipitil shócmhainní den sórt sin san áireamh i sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an téarma

## Príomhbheartais Chuntasaíochta

léasa is giorra nó saol úsáideach ionchasach na sócmhainne. Tá mír chaipitil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh in creidiúnaithe. Cuirtear muirir airgeadais chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais i rith tréimhse príomha an léasa.

**(ii) Léasanna Oibríochta**

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

### (D) Stoic

Déantar stoic ábhar agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh agus ullmhaítear do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

### (E) Deontais an Aontais Eorpaigh agus Stáit

**(i) Deontais do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann**

Tá deontais a fuarthas do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann bainte as costas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a cheanglaíonn go dtaispeánfaí na sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus as sin deontais agus ranníocaí mar ioncam iarchurtha. Tá an imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986, i dtuairim na stiúrthóirí, riachtanach do na ráitis airgeadais chun léargas fíorcheart a thaispeáint mar nach bhfuil aon shaol infhoirceanta ag na línte agus oibreacha iarnróid sin agus dá bhrí sin nach ann d'aon bhunús ar a bhféadfaí deontais agus ranníocaí a aithint mar ioncam iarchurtha.

**(ii) Deontais do chaiteachas chaipitil eile**

Déantar deontais do chaiteachas caipitil a chreidiúnú chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad ar fáil. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

**(iii) Deontais ioncaim**

Glactar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain a mbíonn siad infhaighte.

**(iv) Deontais Infheistíochta Sábháilteachta**

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

### (F) Airgeadra Coigríche

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbheartaíochta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais malartaithe réadaithe ar idirbheartaíochtaí a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

## (G) Pinsin

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é i rith thréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le sochar comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais pinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasaigh seirbhíse atá fanta ag comhaltaí na scéime.

Foráiltear do chostas caipitil na sochar pinsin fhorlíontaigh agus cuirtear chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a dheonaítear na sochair mhéadaithe.

## (H) Costais an Bhonneagair Iarnróid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, ceanglaítear ar Iarnród Éireann-Irish Rail a chinntiú go gcoinnítear cuntais ghnó na seirbhísí iompair deighilte ó na cuntais do ghnó bhainistiú an bhonneagair iarnróid. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A de Rialachán Uimh. 2598/70 an AE.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| | Nóta | **Iomlán 2004 €000** | **Míreanna Oibríochta Eisceachtúla 2004 €000** | **Oibríochtaí Leanúnacha roimh Mhíreanna Eisceachtúla 2004 €000** | Iomlán 2003 €000 | Míreanna Oibríochta Eisceachtúla 2003 €000 | Oibríochtaí Leanúnacha roimh Mhíreanna Eisceachtúla 2003 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | *Nóta 5* | | | *Nóta 5* | |
| **Ioncam** | | **215,481** | **-** | **215,481** | 213,227 | - | 213,227 |
| **Costais** | | | | | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *3* | **(247,949)** | **(17,447)** | **(230,502)** | (242,962) | (19,258) | (223,704) |
| Ábhair agus seirbhísí | *4* | **(132,475)** | **-** | **(132,475)** | (139,537) | - | (139,537) |
| Dímheas lúide amúchadh na ndeontas caipitil | *6* | **(27,813)** | **(1,727)** | **(26,086)** | (27,827) | (841) | (26,986) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(408,237)** | **(19,174)** | **(389,063)** | (410,326) | (20,099) | (390,227) |
| **Brabús ar dhímheas sócmhainní inláimhsithe** | *7* | **132** | **-** | **132** | 207 | - | 207 |
| **Easnamh roimh ús agus deontais Stáit** | | **(192,624)** | **(19,174)** | **(173,450)** | (196,892) | (20,099) | (176,793) |
| Ús iníoctha | | | | | | | |
| - oibríocht | *8* | **(3,886)** | **-** | **(3,886)** | (5,272) | - | (5,272) |
| - bonneagar Iarnróid | *8* | **(2,212)** | **-** | **(2,212)** | (3,016) | - | (3,016) |
| **Iomlán an úis** | | **(6,098)** | **-** | **(6,098)** | (8,288) | - | (8,288) |
| **Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit** | | **(198,722)** | **(19,174)** | **(179,548)** | (205,180) | (20,099) | (185,081) |
| Fóirdheontais Stáit | *9* | **171,420** | **-** | **171,420** | 168,257 | - | 168,257 |
| Deontais Stáit - deontas sábháilteachta iarnróid | *9* | **10,557** | **-** | **10,557** | 17,496 | - | 17,496 |
| **Easnamh don bhliain tar éis deontais Stáit** | *2(A)* | **(16,745)** | **(19,174)** | **2,429** | (19,427) | (20,099) | 672 |
| Easnamh carntha ag tús na bliana | | **(85,839)** | | | (66,412) | | |
| **Easnamh carntha ag deireadh na bliana** | | **(102,584)** | | | (85,839) | | |

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J. J. Lynch,** Cathaoirleach

**An tUasal G. Duggan,** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

| An bhliain dar críoch an 31ú Nollaig | Nótaí | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 10 | 917,304 | 776,686 |
| Sócmhainní airgeadais | 11 | 20 | 20 |
| | | 917,324 | 776,706 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 12 | 32,676 | 38,273 |
| Féichiúnaithe | 13 | 177,726 | 162,626 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | | 151 | 97 |
| | | 210,553 | 200,996 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 14 | (438,643) | (300,280) |
| **Ghlandhliteanais reatha** | | (228,090) | (99,284) |
| **Sóchmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 689,234 | 677,422 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | 15 | (44,496) | (64,105) |
| **Forálacha le haghaidh dliteanas agus muirear** | 18 | (60,810) | (56,063) |
| **Ioncam iarchurtha** | 19 | (556,622) | (513,203) |
| | | 27,306 | 44,051 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 20 | 29,204 | 29,204 |
| Cúlchiste athsholáthar sócmhainní | 21 | 100,686 | 100,686 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | (102,584) | (85,839) |
| **Cistí Scairshealbhóirí** | 22 | 27,306 | 44,051 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J. J. Lynch,** Cathaoirleach

**An tUasal G. Duggan,** Stiúrthóir

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| Bliain dar críoch an 31ú Nollaig | Nótaí | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | 23(a) | **45,362** | 60,548 |
| **Seirbhísí airgeadais** | | | |
| Ús íoctha | 8 | **(2,977)** | (4,968) |
| Mír úis ar chíosanna léasa airgeadais | 8 | **(3,121)** | (3,320) |
| Deontas stáit - ús DART | 9 | **900** | 1,581 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais** | | **(5,198)** | (6,707) |
| | | | |
| **Gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe | | **(263,670)** | (309,848) |
| Díol sócmhainní inláimhsithe | | **132** | 302 |
| Deontais chaipitil | | **133,739** | 335,473 |
| **Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó gníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(129,799)** | 25,927 |
| | | | |
| **Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid roimh bhainistiú acmhainní leachtacha agus airgeadú** | 23(b) | **(89,635)** | 79,768 |
| **Bainistiú acmhainní leachtacha** | 23(b) | **80,751** | (62,202) |
| | | | |
| **Airgeadú** | | | |
| Mír chaipitil de chíosanna léasa airgeadais | | **(4,302)** | (4,150) |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó Airgeadú** | 23(b) | **(4,302)** | (4,150) |
| **(Laghdú)/méadu in airgead sa bhliain** | 23(b) | **(13,186)** | 13,416 |
| | | | |
| **Réiteach an ghlansreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanfhiach** | | | |
| (Laghdú) /méadú in airgead tirim sa bhliain | | **(13,186)** | 13,416 |
| (Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta, airgeadú léasa agus tograí Infheistíochta NDP maoinithe ag CIÉ | | **(76,449)** | 66,352 |
| Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain | | **(89,635)** | 79,768 |
| Glanfhiach amhail an 1ú Eanáir | | **(135,016)** | (214,784) |
| **Glanfhiach amhail an 31ú Nollaig** | | **(224,651)** | (135,016) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 1 LÉARGAS AIRGEADAIS

Mar a nótaíodh i gcuntais na bliana roimhe le linn 2003, cheadaigh bord Iarnród Éireann plean bainistíochta chun go bhfillfeadh an chuideachta ar a bheith ag déanamh brabúis faoi 2005.

Áirítear ar chroíghnéithe an phlean seo laghdú ar an líon foirne, réadú na n-iostaí lastais iarnróid agus rialú docht ar chostais neamhshaothair. Rinneadh dul chun cinn i 2004 agus measann na stiúrthóirí go bhfuil an chuideachta ag leanúint cúrsa chun na spriocanna airgeadais sin a bhaint amach. Tá sé i gceist acu leanacht de bheith ag feidhmiú míreanna lárnacha an phlean seo in 2005.

Amhail an 31ú Nollaig, 2004, bhí glanfhiach de €224.7 milliún ar an gcuideachta ar bhain €94.7 milliún de thograí Infheistíochta NDP maoinithe ag CIÉ (Féach nóta 23 (B)).

Le linn na gcuntas sin a cheadú, fuair na stiúrthóirí geallúint ó Chóras Iompair Éireann go leanfadh sé de bheith ag cur acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar fáil chun ceanglais iasachta na cuideachta a mhaoiniú do 2005 agus 2006. Bunaithe ar an ngeallúint sin, measann na stiúrthóirí gur cuí é leanúint de bheith ag ullmhú na gcuntas seo ar bhonn gnóthais reatha.

## 2 ANAILÍS RANNÁIN AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

**(A) Toradh na Cuideachta**

| | **2004 €000** | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Achoimre** | | |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta iníoctha, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla** | | |
| Ráille príomhlíne | **(54,418)** | (55,299) |
| Ráille bruachbhailte | **(23,210)** | (23,677) |
| **Iomlán na n-oibríochtaí ráille** | **(77,628)** | (78,976) |
| Fóirdheontais agus deontais d'oibríochtaí Ráille | **79,176** | 79,870 |
| **Barrachas/(easnamh) oibríochta don bhliain roimh ús oibríochta iníoctha agus míreanna eisceachtúla** | | |
| Oibríochtaí ráille | **1,548** | 894 |
| Cothabháil Bonneagair | **3,301** | 4,836 |
| Lastas bóthair | **1,195** | 1,130 |
| Europort Ros Láir | **2,648** | 2,570 |
| Seirbhísí lónadóireachta | **(297)** | (677) |
| **Barrachas/(easnamh) oibríochta don bhliain roimh ús oibríochta iníoctha agus míreanna eisceachtúla** | **8,395** | 8,753 |
| Ús | **(6,098)** | (8,288) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **132** | 207 |
| **Barrachas oibríochta roimh mhíreanna eisceachtúla** | **2,429** | 672 |
| Costais oibríochta eisceachtúla *(nóta 5)* | **(19,174)** | (20,099) |
| **Easnamh don bhliain** | **(16,745)** | (19,427) |

Ní eascraíonn aon mhuirear cánachais ar na torthaí don bhliain mar gheall nach bhfuil ioncaim áirithe de chuid na cuideachta curtha san áireamh chun críocha cánach.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **2 ANAILÍS RANNÁIN AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)** | | |
| **(B) An rannán ráille príomhlíne** | | |
| **Ioncam** | **126,119** | 121,437 |
| **Caiteachas** | | |
| Cothabháil an stoic rollta | **(44,879)** | (43,647) |
| Breosla | **(13,426)** | (13,413) |
| Oibríocht agus speansais eile | **(115,199)** | (112,452) |
| Dímheas oibríochta | **(19,212)** | (17,824) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **12,179** | 10,600 |
| **Caiteachas iomlán** | **(180,537)** | (176,736) |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta iníoctha, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla** | **(54,418)** | (55,299) |
| Ús iníoctha | **(2,685)** | (3,537) |
| **Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit** | **(57,103)** | (58,836) |
| **(C) An rannán ráille bruachbhailte** | | |
| **Ioncam** | **37,554** | 37,294 |
| **Caiteachas** | | |
| Cothabháil an stoic rollta | **(12,652)** | (12,985) |
| Breosla (lena n-áirítear leictreachas do tharraingt) | **(4,280)** | (4,044) |
| Oibríocht agus speansais eile | **(36,693)** | (33,789) |
| Dímheas oibríochta | **(17,689)** | (16,750) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **10,550** | 6,597 |
| **Caiteachas iomlán** | **(60,764)** | (60,971) |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta iníoctha, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla** | **(23,210)** | (23,677) |
| Ús iníoctha | **(1,130)** | (1,666) |
| **Easnamh oibríochta roimh dheontais stáit agus míreanna eisceachtúla** | **(24,340)** | (25,343) |
| Áirítear sna figiúirí ar Chothabháil an stoic rollta i nóta 2(B) ar an ráille Príomhlíne agus i nóta 2(C) ar an ráille bruachbhailte muirear dímheasta de | **2,223** | 1,664 |
| Amúchadh ar dheontais | **1,195** | 686 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

2 ANAILÍS RANNÁIN AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)

**(D) Bonneagar Iarnróid**

I gcomhlíonadh Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE tá costais rannán bonneagair an iarnróid ríofa mar seo a leanas:

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Cothabháil na línte agus oibreacha iarnróid | **(62,980)** | (69,119) |
| Athnuachan ar línte agus oibreacha iarnróid | **(55,696)** | (113,622) |
| Oibríocht (comharthaí) agus speansais eile | **(27,125)** | (25,008) |
| Dímheas *(nóta 10 (d))* | **(17,745)** | (12,902) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **8,350** | 5,982 |
| **Caiteachas iomlán** | **(155,196)** | (214,669) |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta iníoctha, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla** | **(155,196)** | (214,669) |
| Deontais stáit, maoiniú AE agus maoiniú Státchiste | **158,497** | 219,505 |
| **Barrachas don bhliain roimh ús iníoctha** | **3,301** | 4,836 |
| Ús iníoctha *(nóta 8)* | **(2,212)** | (3,016) |
| **Barrachas don bhliain** | **1,089** | 1,820 |
| Cionroinnt na gCostas (lena n-áirítear Ús iníoctha) | | |
| **An rannán ráille príomhlíne** | **139,621** | 188,515 |
| **An rannán ráille bruachbhailte** | **17,787** | 29,170 |
| **Iomlán chostais chothabhála bonneagair** | **157,408** | 217,685 |

**(E) An rannán lastais bóthair**

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Seirbhísí earraí | **31,846** | 32,309 |
| Ilghnéitheach | **50** | 62 |
| **Ioncam iomlán** | **31,896** | 32,371 |
| **Costais oibríochta** | | |
| Cothabháil na bhfeithiclí agus an trealaimh | **(1,401)** | (1,577) |
| Breosla | **(418)** | (428) |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **(75)** | (71) |
| Oibríocht agus speansais eile | **(28,517)** | (28,766) |
| Dímheas oibríochta | **(290)** | (399) |
| **Caiteachas iomlán** | **(30,701)** | (31,241) |
| **Glan-bharrachas don bhliain** | **1,195** | 1,130 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **2 ANAILÍS RANNÁIN AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)** | | |
| **(F) Rannán Europort Ros Láir** | | |
| **Ioncam** | | |
| Seirbhísí cuain | **10,270** | 10,080 |
| **Costais oibríochta** | | |
| Cothabháil, oibríocht agus speansais eile | **(6,515)** | (6,412) |
| Dímheas oibríochta | **(1,867)** | (1,856) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **760** | 758 |
| **Caiteachas iomlán** | **(7,622)** | (7,510) |
| **Barrachas oibríochta roimh ús iníoctha** | **2,648** | 2,570 |
| Ús iníoctha | **(71)** | (69) |
| **Glan-bharrachas don bhliain** | **2,577** | 2,501 |
| **(G) An rannán seirbhísí lónadóireachta** | | |
| **Ioncam** | | |
| Lónadóireacht talún agus traenach | **9,642** | 12,045 |
| **Costais oibríochta** | | |
| Cothabháil na bhfoirgneamh, na gcarranna agus an trealaimh | **(61)** | (106) |
| Costas díolacháin | **(3,388)** | (4,313) |
| Speansais dhíreacha eile | **(5,438)** | (6,137) |
| Dímheas | **(125)** | (214) |
| Caiteachas eile | **(927)** | (1,952) |
| **Caiteachas iomlán** | **(9,939)** | (12,722) |
| **Glan easnamh don bhliain** | **(297)** | (677) |
| **(H) Deontais Stáit, Maoiniú AE agus Maoiniú Státchiste** | | |
| **Leithroinnte ar:** | | |
| Oibríochtaí iarnróid | **79,176** | 79,870 |
| Cothabháil Bhonneagair | **158,497** | 219,505 |
| | **237,673** | 299,375 |
| **Foinsí:** | | |
| Fóirdheontas ón státchiste | **171,420** | 168,257 |
| Deontais sábháilteachta agus deontais eile ón Státchiste | **10,557** | 17,496 |
| Athnuachan le maoiniú ón Státchiste | **47,291** | 91,873 |
| Athnuachan le maoiniú AE | **8,405** | 21,749 |
| | **237,673** | 299,375 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 2 ANAILÍS RANNÁIN AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)

**(I) Glanbharrachas/(easnamh) de réir gníomhaíochta roimh mhíreanna eisceachtúla**

| | Tráchtála €000 | Sóisialta €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **2004** | | | |
| Ioncam | 51,808 | 163,673 | 215,481 |
| Costais | (48,322) | (402,403) | (450,725) |
| Deontais Stáit, maoiniú ón AE agus maoiniú ón Státchiste | - | 237,673 | 237,673 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis deontais stáit** | **3,486** | **(1,057)** | **2,429** |
| **2003 Glantoradh** | **2,954** | **(2,282)** | **672** |

Is iad na gníomhaíochtaí tráchtála atá san áireamh thuas ná an rannán lastais, an rannán seirbhísí lónadóireachta agus rannán Chuan Ros Láir.

## 3 PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | 228,224 | 228,651 |
| Costais leasa shóisialaigh | 19,617 | 19,185 |
| Costais phinsin eile | 17,463 | 13,887 |
| | 265,304 | 261,723 |
| **Obair féin caipitlithe, athnuachan agus obair innealtóireachta do chuideachtaí an ghrúpa** | (35,179) | (38,379) |
| **Glanchostais foirne** | 230,125 | 223,344 |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| - do sheirbhísí mar stiúrthóirí | 30 | 20 |
| - do dhíolaíochtaí eile | 347 | 340 |
| **Iomlán luach saothair agus díolaíochtaí na stiúrthóirí** | 377 | 360 |
| **Iomlán párolla agus costais ghaolmhara** | 230,502 | 223,704 |

| | Líon Foirne 2004 Meán | 2003 Meán |
|---|---|---|
| Is é an meánlíon fostaithe de réir gníomhaíochtaí ná | | |
| - Iarnróid | 3,541 | 3,378 |
| - Bonneagar | 1,318 | 1,695 |
| - Lastas bóthair | 130 | 151 |
| - Europort Ros Láir | 95 | 95 |
| - Lónadóireacht | 182 | 261 |
| **Fo-Iomlán** | 5,266 | 5,580 |
| - Tograí | 324 | 253 |
| **Iomlán** | 5,590 | 5,833 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|---|
| 4 | ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ | | |

An t-easnamh don bhliain sula dtagann ús agus agus deontais Stáit tar éis na nithe seo a leanas a chur chun dochair faoin teideal ábhair agus seirbhísí.

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Costais oibríochta agus eile | **99,172** | 108,343 |
| Breosla agus tarraingt leictreach | **15,680** | 15,052 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra | **9,502** | 8,449 |
| Rátaí | **2,925** | 2,830 |
| Cíosanna léasa oibríochta | **4,981** | 4,712 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **133** | 81 |
| Luach saothair iniúchóirí | **82** | 70 |
| | **132,475** | 139,537 |

5 COSTAIS OIBRÍOCHTA EISCEACHTÚLA

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú gnó | **17,447** | 19,258 |
| Dímheas luathaithe | **1,727** | 841 |
| | **19,174** | 20,099 |

Mar chuid de Phlean Airgeadais 2003 thug an chuideachta clár scaoilte deonaigh agus luathscoir isteach. Is €19.2milliún an costas measta i 2004 lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí agus costais eile a bhain leis an gclár.

6 DÍMHEAS

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Dímheas** | **61,533** | 52,802 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil** *(nóta 19)* | **(33,720)** | (24,975) |
| **Iomlán Dímheasa** | **27,813** | 27,827 |

**Áirítear €2.478 milliún de dhímheas agus €0.751 milliún d'amúchadh ar dheontais chaipitil arna muirearú mar mhír eisceachtúil.

7 BRABÚS AR DHIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní Inláimhsithe | **132** | 207 |

8 ÚS INÍOCTHA

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Ar iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta | **2,977** | 4,968 |
| Ar léasanna airgeadais | **3,121** | 3,320 |
| | **6,098** | 8,288 |
| Ús cionroinnte: | | |
| **Costais oibríochta** | **3,886** | 5,272 |
| **Costais bhonneagair iarnróid** *(nóta 2 (d))* | **2,212** | 3,016 |
| | **6,098** | 8,288 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 9 DEONTAIS STÁIT

Tá na deontais is iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, de réir rialacháin iomchuí an AE a rialaíonn cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.
Tugtar mionsonraí na ndeontas Stáit de €317.5 milliún a fuarthas in 2004 sa tábla seo a leanas, ag taispeáint soláthar iomchuí rialacháin an AE. Tugadh suim de €20.2 milliún i ndáil le deontais a fuarthas ar fhoirgnimh ar ais don chuideachta shealbhaíochta.

| | Uimhir Rialacháin AE 1191/69 €000 | 1107/70 (Airteagal 4) €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **A bhaineann le hioncam** | | | |
| **Ráille príomhlíne** | | | |
| Oibríocht seirbhísí paisinéirí | 135,298 | - | 135,298 |
| Easnamh iarmharach - deontais Stáit | - | 74 | 74 |
| | 135,298 | 74 | 135,372 |
| **Ráille bruachbhailte** | | | |
| Oibríocht seirbhísí paisinéirí | 11,967 | - | 11,967 |
| Fo iomlán | 147,265 | 74 | 147,339 |

| | Uimhir Rialacháin AE 1192/69 €000 | 1107/70 (Airteagal 3.1 [b]) €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **A bhaineann le caiteachas** | | | |
| **Ráille príomhlíne** | | | |
| Normalú na gcuntas | | | |
| - Aicme III (pinsin) | 12,843 | - | 12,843 |
| - Aicme IV (crosairí comhréidh) | 6,424 | - | 6,424 |
| - Deontas Bonneagair (lastas) | - | 1,419 | 1,419 |
| | 19,267 | 1,419 | 20,686 |
| **Ráille bruachbhailte** | | | |
| Normalú na gcuntas | | | |
| - Aicme III (pinsin) | 1,995 | - | 1,995 |
| - Aicme IV (crosairí comhréidh) | 500 | - | 500 |
| | 2,495 | - | 2,495 |
| **Fo iomlán** | 21,762 | 1,419 | 23,181 |
| **Iomlán** | | | 170,520 |
| Móide deontas Stáit do leas DART - Rialachán 1191/69 an AE | | | 900 |
| **Fo-iomlán d'fhóirdheontais Stáit** | | | 171,420 |
| Móide deontas Stáit don NDP | | | 146,108 |
| **Iomlán na ndeontas Stáit a fuarthas** | | | 317,528 |

| | | |
|---|---|---|
| **Cuireadh an maoiniú iomlán a fuarthas i bhfeidhm mar seo a leanas:** | | |
| **An cuntas brabúis agus caillteanais** | | |
| **- Fóirdheontais** | | 171,420 |
| **- Deontas Ioncaim Sábháilteachta Iarnróid** | 10,557 | |
| **Creidmheas in aghaidh athnuachan ar línte agus oibreacha iarnróid** *(nóta10(a))* | 47,291 | |
| **Ioncam iarchurtha** *(nóta 19)* | 68,107 | |
| **Aistrithe chuig CIÉ do Thalamh agus Foirgnimh** | 20,153 | |
| **Deontas Stáit don NDP** | | 146,108 |
| **Iomlán** | | 317,528 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 10 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | 1ú Ean. 2004 €000 | Ath-ranguithe €000 | Breisithe €000 | Draimh & Diúscairtí €000 | 31ú Nol. 2004 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 817,426 | - | 84,080 | - | 901,506 |
| Stoc rollta iarnróid | 651,058 | - | 100,314 | (759) | 750,613 |
| Feithiclí lastais bóthair | 7,035 | - | - | (207) | 6,828 |
| Gléasra agus innealra | 385,165 | 199 | 63,753 | - | 449,117 |
| Trealamh lónadóireachta | 1,130 | - | - | - | 1,130 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 43,115 | - | 822 | - | 43,937 |
| Talamh agus Foirgnimh | - | - | 708 | - | 708 |
| Obair chaipitil ar siúl | 199 | (199) | 8,170 | - | 8,170 |
| Fo-iomlán | 1,905,128 | - | 257,847 | (966) | 2,162,009 |
| Maoiniú faighte do línte agus oibreachta iarnróid | (588,912) | - | (55,696) | - | (644,608) |
| **Iomlán** | 1,316,216 | - | 202,151 | (966) | 1,517,401 |

| | 1ú Ean. 2004 €000 | Ath-ranguithe €000 | Muirear don bhliain €000 | Draimh & Diúscairtí €000 | 31ú Nol. 2004 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dímheas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 762,762 | - | 58,904 | - | 821,666 |
| Stoc rollta iarnróid | 212,509 | - | 33,864 | (759) | 245,614 |
| Feithiclí lastais bóthair | 6,178 | - | 288 | (207) | 6,259 |
| Gléasra agus innealra | 135,585 | - | 23,242 | - | 158,827 |
| Trealamh lónadóireachta | 1,006 | - | 58 | - | 1,064 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 10,402 | - | 873 | - | 11,275 |
| Talamh agus Foirgnimh | - | - | - | - | - |
| Fo iomlán | 1,128,442 | - | 117,229 | (966) | 1,244,705 |
| Maoiniú faighte do línte agus oibreacha iarnróid | (588,912) | - | (55,696) | - | (644,608) |
| **Iomlán** | 539,530 | - | 61,533 | (966) | 600,097 |

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Glanmhéideanna leabhair** | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 79,840 | 54,664 |
| Stoc rollta iarnróid | 504,999 | 438,549 |
| Feithiclí lastais bóthair | 569 | 857 |
| Gléasra agus innealra | 290,290 | 249,580 |
| Trealamh lónadóireachta | 66 | 124 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 32,662 | 32,713 |
| Talamh agus Foirgnimh | 708 | - |
| Obair chaipitil ar siúl | 8,170 | 199 |
| **Iomlán** | 917,304 | 776,686 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|

10 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar leanúint)

(a) I gcomhlíonadh FRS 15, tá sócmhainní seasta inláimhsithe, an bunús cuntasaíochta d'athnuachan línte agus oibreacha iarnróid, le creidiúnú in aghaidh chostas athnuachana ar an líonra iarnróid.

**Is mar seo a leanas atá caiteachas athnuachana agus deontais ghaolmhara:**

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Caiteachas athnuachana | **78,670** | 116,016 |
| | | |
| Deontais Stáit | **47,291** | 91,873 |
| Deontais an AE | **8,405** | 21,749 |
| | **55,696** | 113,622 |

(b) Is mar seo a leanas atá saol úsáideach ionchasach na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | **Saol (Blianta)** |
|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | 10-40 |
| Stoc rollta iarnróid | 4-20 |
| Feithiclí lastais bóthair | 1-10 |
| Gléasra agus innealra | 3-30 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 50 |
| Trealamh lónadóireachta | 5-10 |
| Foirgnimh | 50 |

(c) Áirítear ar na méideanna atá san áireamh i gcostas bunaidh na sócmhainní seasta inláimhsithe éagsúla €34,463,231 i muirir ús caipitlithe maidir le scéim lectrithe iarnróid bruachbhailte Bré-Binn Éadair a tugadh chun críche i 1984.

(d) Áirítear ar shócmhainní inláimhsithe sócmhainní bonneagair iarnróid mar a leanas:

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Costas | **606,970** | 523,980 |
| Dímheas carnaithe | **(286,792)** | (269,047) |
| Glanluach leabhair | **320,178** | 254,933 |
| Dímheas don bhliain *(nóta 2(d))* | **(17,745)** | (12,902) |

(e) San áireamh sna breisithe thuas tá íocaíochtaí ar chuntas i ndáil le stoc rollta iarnróid nach raibh fós i mbun seirbhíse:

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Stoc rollta iarnróid | **158,147** | 113,327 |

(f) San áireamh sna sócmhainní inláimhsithe tá méideanna faoi mar atá luaite thíos i ndáil le stoc rollta iarnróid agus gléasra agus innealra a sealbhaíodh faoi léasanna airgeadais, lena bhfuil úinéireacht shochrach ag an gcuideachta i.e. go substaintiúil na rioscaí agus luachanna saothair a bhaineann le húinéireacht sócmhainne, seachas an teideal dlíthiúil:

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Costas | **88,270** | 87,924 |
| Dímheas carntha | **(37,138)** | (32,180) |
| Glanluach leabhair | **51,132** | 55,744 |
| Dímheas don bhliain | **(4,958)** | (4,944) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| 11 | SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS | | |
| | **Infheistíochtaí trádála - scaireanna liostaithe** | | |
| | Costas nó luacháil amhail an 1ú Eanáir | **63** | 63 |
| | Soláthar do lagú i luach amhail an 31ú Nollaig | **(43)** | (43) |
| | **Glanmhéideanna leabhair amhail an 31ú Nollaig** | **20** | 20 |
| | **Luach margaidh amhail an 31ú Nollaig** | **49** | 49 |
| 12 | STOIC | | |
| | Stoc rollta, páirteanna spárála agus ábhair chothabhála | **17,350** | 16,462 |
| | Stoic bhonneagair | **11,319** | 17,511 |
| | Breosla, bealadh agus stoic éagsúla | **4,007** | 4,300 |
| | | **32,676** | 38,273 |
| | Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna ab éigean a choimeád chun freastal ar cheanglais oibríochta fadtréimhseacha | | |
| 13 | FÉICHIÚNAITHE | | |
| | Féichiúnaithe trádála | **9,246** | 11,419 |
| | Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta agus de chomh-fhochuideachtaí | **107,751** | 93,835 |
| | Deontais AE agus Deontais Stáit infhaighte | **51,401** | 50,269 |
| | Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **9,328** | 7,103 |
| | | **177,726** | 162,626 |
| 14 | CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | | |
| | Rótharraingt bainc | **23,463** | 10,223 |
| | Creidiúnaithe trádála | **61,173** | 55,658 |
| | Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta *(nóta 16)* | **165,066** | 150,045 |
| | Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 17)* | **4,861** | 4,575 |
| | Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | **4,354** | 3,603 |
| | Árachas Sóisialach Pá-Choibneasa | **3,148** | 2,617 |
| | Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **1,177** | 4,966 |
| | Creidiúnaithe eile | **2,466** | 3,022 |
| | Tograí Infheistíochta NDP maoinithe ag CIÉ | **94,667** | - |
| | Fabhruithe | **3,251** | 4,353 |
| | Foráil athstruchtúrtha *(nóta 18)* | **24,296** | 21,164 |
| | Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 18)* | **4,973** | 5,191 |
| | Ioncam iarchurtha *(nóta 19)* | **45,748** | 34,863 |
| | | **438,643** | 300,280 |
| | Creidiúnaithe do chánachas agus do leas sóisialach san áireamh thuas | **8,679** | 11,186 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|---|
| 15 | CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | | |
| | Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta *(nóta 16)* | - | 15,021 |
| | Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 17)* | **44,496** | 49,084 |
| | | **44,496** | 64,105 |
| 16 | IASACHT ÓN GCUIDEACHTA SHEALBHAÍOCHTA | | |
| | Tá an iasacht seo iníoctha mar a leanas: | | |
| | Laistigh de bhliain amháin *(nóta 4)* | **165,066** | 150,045 |
| | Idir bliain amháin agus dhá bhliain *(nóta 15)* | - | 13,040 |
| | Idir dhá bhliain agus cúig bliana *(nóta 15)* | - | 1,981 |
| | Tar éis Cúig bliana | - | - |
| | | - | 15,021 |
| | | **165,066** | 165,066 |

Seasann an iasacht seo do na glansócmhainní lúide an scairchaipiteal eisithe arna shannadh chuig an gcuideachta ar a bhunú tar éis atheagrú Chóras Iompair Éireann i 1987. Gach bliain déantar an méid a bhíonn dlite a aoisiú trí thagairt do na hiasachtaí bainc atá sealbhaithe agus bainistithe ag Córas Iompair Éireann thar ceann na gcuideachtaí oibríochta.

Comhlíonann cur i láthair na hanailíse aibíochta ar iasachtaí agus fiach eile thuasluaite le coinníollacha Ionstraimí Caipitil FRS 4. Éilíonn an caighdeán gur chóir aibíocht an fhéich a chinneadh trí thagairt don dáta is luaithe is féidir leis an iasachtóir aisíoc a éileamh. San áireamh sna méideanna is iníoctha laistigh de bhliain amháin tá €76,580,000 (2003 - €76,689,577) a bhaineann le Irish Commercial Paper a fuair cúltaca ó shaoráidí tiomanta meántéarma a shíníonn go héifeachtach aibíocht na n-ionstraimí sin.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **17 OIBLEAGÁIDÍ LÉASA** | | |
| **(A) Léasanna Airgeadais** | | |
| Tá glanoibleagáidí faoi léasanna airgeadais dlite mar a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 14)* | 4,861 | 4,575 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 21,074 | 21,048 |
| Tar éis cúig bliana | 23,422 | 28,036 |
| | 44,496 | 49,084 |
| | 49,357 | 53,659 |
| **(B) Léasanna Oibríochta** | | |
| Rachaidh na tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú is iníoctha sa bhliain dar gcionn in éag mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 1,844 | 1,878 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 2,583 | 2,241 |
| | 4,427 | 4,119 |

18 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR

| | Foráil Athstruchtúraithe €000 | Éilimh Dhliteanais Tríú Páirtí & Fostóra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir, 2003 | 21,164 | 61,254 | 82,418 |
| In úsáid i rith na bliana | (14,315) | (4,973) | (19,288) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | | | |
| - Mír eisceachtúil | 17,447 | - | 17,447 |
| - Eile | - | 9,502 | 9,502 |
| | 17,447 | 9,502 | 26,949 |
| Iarmhéid tugtha chun cinn | 24,296 | 65,783 | 90,079 |
| Lúide méid rangaithe mar dhliteanas reatha *(nóta 14)* | (24,296) | (4,973) | (29,269) |
| Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig, 2003 | - | 60,810 | 60,810 |

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachas seachtrach a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais agus cuirtear méideanna nach mbíonn socraithe san áireamh san fhoráil do dhliteanais agus muirir.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 18 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar leanúint)

### (A) Clúdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas tríú páirtí os cionn €5,000,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iarnróid amháin, ach amháin i gcás éilimh a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gur US$3,300,000 an t-uasmhéid;

(ii) Dliteanas tríú páirtí os cionn €1,500,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gur US$3,300,000 an t-uasmhéid;

(iii) Dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €150,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe ag eascairt as imeachtaí Riosca Eile, ach amháin:

  (a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath, i gcás damáiste ó thuilte, áit ar €1,000,000 neamhrangaithe an t-uasmhéid; agus

  (b) aon damháiste eile ó thuile áit ar €250,000 an t-uasmhéid;

(iv) Dliteanais iompair iarnróid agus bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €11,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2004 go dtí Márta 2005, faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa iomláin de €27,000,000;

(v) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán Árachas Dliteanais Comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2004 go dtí Márta 2005 do Dhliteanais Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile ráille agus bóthair;

(vi) Priacail Dóiteáin agus Speisialta, lena n-áirítear damáiste stoirme, do mhaoin an Ghrúpa sa bhreis ar €1,000,000 agus slánaíocht de €200,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas;

(vii) Is €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farrasbarr de €500,000 i ndáil le rothstoc ráille agus bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile, do gach uile cheann de na caillteanais.

### (B) Soláthar éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra agus gnóthachain ghaolmhara

Foráiltear ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach in éilimh bhainistíochta ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis chuí aici maidir lena thaispeáint éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht i soláthar éileamh a bhunú, is dócha go gcruthóidh an toradh deiridh a bheith difriúil ón ndliteanas bunaidh a bunaíodh.

Le linn costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha a ríomh, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn forálacha teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach seachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitisiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fheádfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Agus costas na n-éileamh fógraithe ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis ar fhasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná meastachán an dliteanais d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa eolais faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag roinnt leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus toradh deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthair d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain ath-árachaithe sa chás gur féidir meastachán réasúnach a dhéanamh ar ghnóthachain den sórt sin. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le aon athárachóirí in athrith.

## 19 IONCAM IARCHURTHA

Déantar an cuntas seo, atá comhdhéanta de dheontais neamh-inaisíoctha AE, deontais Stáit agus ioncam iarchurtha eile arna gcreidiúnú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna leis na sócmhainní seasta gaolmhara, a dhímheas (de réir pholasaí cuntasaíochta E) mar seo a leanas:

| | 1ú Ean. 2004 €000 | Faighte agus Infhaighte €000 | Amúchta chuig A/c Brabúis & Caillteanais €000 | 31ú Nol 2004 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | | | |
| Talamh agus Foirgnimh | - | 239 | - | 239 |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 22,681 | 4,325 | (1,230) | 25,776 |
| Stoc rollta iarnróid | 307,651 | 37,791 | (13,464) | 331,978 |
| Gléasra agus innealra | 162,304 | 45,669 | (10,845) | 197,128 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 14,857 | - | (284) | 14,573 |
| **Iomlán na ndeontas caipitil** | 507,493 | 88,024 | (25,823) | 569,694 |
| | | | | |
| **Deontais stáit – An Clár Infheistíochta** | | | | |
| **Sábháilteachta Iarnróid** | 39,313 | - | (7,862) | 31,451 |
| **Ioncam iarchurtha eile** | 1,260 | - | (35) | 1,225 |
| **Iomlán** | 548,066 | 88,024 | (33,720) | 602,370 |

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Taispeáinte mar: | | |
| Ioncam iarchurtha - méideanna dlite laistigh de bhliain amháin *(nóta 14)* | **45,748** | 34,863 |
| Ioncam iarchurtha - méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | **556,622** | 513,203 |
| | **602,370** | 548,066 |

Déanfar na deontais a fuarthas faoin gClár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid (1999-2003) a scaoileadh chuig brabús agus caillteanais de réir an Chláir Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid. Is iad na deontais a fuarthas agus a bhí infhaighte in 2004 ná Státchiste €68,106,678 agus AE €19,794,339 agus DTO €123,233.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|---|
| 20 | SCAIRCHAIPITEAL | | |
| | **Údaraithe:** | | |
| | Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **95,230** | 95,230 |
| | **Leithroinnte, glaoite agus lánioctha** | | |
| | Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **29,204** | 29,204 |
| 21 | CÚLCHISTE ATHSHOLÁTHAR SÓCMHAINNÍ | | |
| | **Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig** | **100,686** | 100,686 |

Measann na stiúrthóirí nach bhfuil aistriú chuig an gcúlchiste seo cuí a thuilleadh.

| | | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|---|
| 22 | RÉITEACH GLUAISEACHTA I GCISTÍ SEALBHÓIRÍ GNÁTHSCAIREANNA | | |
| | Barrachas don bhliain tar éis deontais Stáit | **2,429** | 672 |
| | Costais oibríochta eisceachtúla (nóta 5) | **(19,174)** | (20,099) |
| | Cistí tosaigh sealbhóirí gnáthscaireanna | **44,051** | 63,478 |
| | **Cistí deiridh sealbhóirí gnáthscaireanna** | **27,306** | 44,051 |
| 23 | RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID | | |
| | **(A) Réiteach easnaimh i leith glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | |
| | Easnamh roimh dheontais Stáit agus seirbhísiú airgeadais | **(192,624)** | (196,892) |
| | Deontais Stáit seachas iad sin a fheidhmítear do leas DART agus athnuachan *(nóta 9)* | **181,077** | 184,172 |
| | Easnamh don bhliain roimh sheirbhísiú airgeadais | **(11,547)** | (12,720) |
| | Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **(132)** | (207) |
| | Dímheas | **61,533** | 52,802 |
| | Amúchadh ar dheontais chaipitil *(nóta19)* | **(33,720)** | (24,975) |
| | Laghdú i stoic | **5,597** | 4,303 |
| | Laghdú i ndeontais ioncaim AE | **8,848** | 15,371 |
| | (Méadú)/Laghdú i bhféichiúnaithe | **(52)** | 293 |
| | Méadú i gcreidiúnaithe agus forálacha | **14,835** | 25,681 |
| | **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaiochtaí oibríochta** | **45,362** | 60,548 |

| **(B) Anailís ar ghlan-fhiach** | **Ag 1ú Ean. 2004 €000** | **Sreabhadh airgid €000** | **Ag 31ú Nol. 2004 €000** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh | **97** | **54** | **151** |
| Rótharraingt bainc | **(10,223)** | **(13,240)** | **(23,463)** |
| Iasachtaí | **(165,066)** | **-** | **(165,066)** |
| Léasanna airgeadais | **(53,659)** | **4,302** | **(49,357)** |
| Iarmhéid idirghrúpa | **93,835** | **13,916** | **107,751** |
| Tograí Infheistíochta NDP maoinithe ag CIÉ | **-** | **(94,667)** | **(94,667)** |
| | **(135,016)** | **(89,635)** | **(224,651)** |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite den chuideachta shealbhaíochta agus de chomh-fhochuideachtaí, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil do chuideachtaí eile an ghrúpa, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 24 PINSIN

Tá móramh d'fhostaithe na cuideachta rannpháirteach i scéimeanna sochair pinsin sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin críochnaitheach agus a oibrítear d'fhostaithe incháilithe gach ceann de chuideachtaí CIE. Infheistítear ranníocaí ón gcuideachta agus ó na fostaithe i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe.

Cuirtear ranníocaí chuig na scéimeanna chun dochar don chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na bpinsean a scaipeadh de réir mar a thabhaítear iad i rith shaol oibre na bhfostaithe leis an nGrúpa mar chéatadán cobhsaí den phá ionchasach amach anseo. Cinneann achtúire neamhspleách na ranníocaí chuig an scéim ar bhunús athbhreithnithe bliantúla ag baint úsáide as modh aonaid theilgthe.

Cé gur scéimeanna sochair an sainmhíniú a thugtar ar na scéimeanna níl ar chumas na cuideachta a scair de na sócmhainní bunúsacha agus de dhliteanas na céimeanna a shainaithint.

Tá na mionsonraí a éilíonn FRS 17 i ndáil leis na scéimeanna i gcuntais Chóras Iompair Éireann.

## 25 TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | **€000**<br>Ar chonradh do | **€000**<br>Údaraithe ag na stiúrthóirí ach gan a bheith ar chonradh do |
|---|---|---|
| **2004** | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **148,755** | **92,710** |
| Ó dhá bhliain go dtí cúig bliana | **233,554** | **143,227** |
| | **382,309** | **235,937** |
| **Ar maoiniú de:** | **376,773** | **207,115** |
| 2003 | | |
| Iomlán na dtiomantas caipitil | 166,252 | 215,345 |

## 26 DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**(A) Dlithíocht ar Feitheamh**
Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

**(B) Léasanna Airgeadais**
Faoi théarmaí na léasanna airgeadais tá dliteanais theagmhasacha ann lena bhfrithháirítear athruithe ábhartha i gcánachas a bhfuil tionchar acu ar dhliteanas cánach an léasóra ar ioncam léasa trí choigeartuithe cuí ar chíosanna léasa.

**(C) Deontais Infhaighte**
Tá gach iarratas ar dheontas a dhéantar chuig an AE faoi réir dianphróisis iniúchta. Mar chuid den phróiseas, tá roinnt fiosruithe, nach raibh réitithe ag dáta an Chláir Chomhardaithe ardaithe ag Tuairisc Iniúchta maidir le togra amháin agus ní dócha go mbeidh réiteach críochnaitheach ar na fiosruithe sin roimh dheireadh 2005.

Tá an chuideachta sásta go bhfuil nósanna imeachta an AE á gcomhlíonadh aici ach go dtí go mbeidh fáil ar an dtuarascáil chríochnaitheach d'fhéadfadh go measfaí roinnt gnéithe de chaiteachas a héilíodh go dtí seo a bheith neamhcháilithe agus sna himthosca sin d'fhéadfadh roinnt deontas a fuarthas go dtí seo a bheith in-aisíoctha.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 27 IDIRBHEARTAÍOCHTAÍ PHÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil *quantum* na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fhochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 28 COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Iarnród Éireann-Irish Rail agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

Ciallaíonn tagairt sna ráitis airgeadais seo don Bhord tagairt do Bhord Chóras Iompair Éireann.

Tá Dubel Limited, fochuideachta faoi lán-úinéireacht Iarnród Éireann-Irish Rail, corpraithe i dTuaisceart Éireann le hoifigí cláraithe ag an Stáisiún Láir, Sráid an Droichid Thoir, Béal Feirste.

## 29 CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 6ú Aibreán, 2005.

# Athbhreithniú Oibríochtaí

## Torthaí Airgeadais

Ba é an barrachas roimh ítimí eisceachtúla in 2004 ná €2.4 milliún i gcomparáid le barrachas in 2003 de €0.7 milliún, feabhas de €1.7 milliún. San áireamh i dtorthaí oibriúcháin in 2004 tá costais mhaoinithe bhreise pinsin de €5.2 milliún agus caillteanais airgeadais arna measúnú ag an mbainistíocht ag thart ar €4.6 milliún as eascairt as dúnadh seirbhísí DART ar go leor deiridh seachtaine le linn na bliana chun deis a thabhairt tionscadal uasghrádú DART a thabhairt chun críche chomh luath agus is féidir. Ba iad na suimeanna comhréireacha in 2003 ná €0.9 milliún do chaillteanais ioncaim mheasta agus €4.0 milliún do chostais mhaoinithe bhreise pinsin.

Is é an t-easnamh foriomlán ná €16.7 milliún, tar éis itimí eisceachtúla de €19.1 milliún. Sin i gcomparáid le heasnamh glan de €19.4 milliún, tar éis itimí eisceachtúla de €20.1 milliún, in 2003; feabhas de €2.7 milliún. Baineann an phríomhitím eisceachtúil le híocaíochtaí scoir deonacha faoin gclár laghdaithe costais agus muirir dhímheasa bhreise a bhaineann le hoibríochtaí nach bhfuiltear ag leanúint leo.


Ba é an t-ioncam don bhliain ná €215.5 milliún i gcomparáid le €213.2 milliún in 2003 agus ba iad na costais iomlán lena n-áirítear itimí eisceachtúla de €19.1 milliún, ná €414.3 milliún i gcomparáid le €418.6 milliún in 2003.



*Seirbhís do chustaiméirí - tosaíocht chun freastal ar riachtanais líon ár gcustaiméirí atá ag fás.*

Ba é an Fóirdheontas Státchiste €171.4 milliún ar bhain €100.1 milliún de le cothabháil Infrastruchtúir agus bhain €71.3 milliún le híoc oibleagáidí sóisialta agus sin ardú de 1.8% thar leibhéal 2003. Tá Meamram Tuisceana comhaontaithe ag Iarnród Éireann agus ag an Roinn Iompair faoi leibhéil seirbhísí agus spriocanna feidhmíochta agus baineann íocaíocht an fhóirdheontais anois le baint amach na spriocanna sin.

Barrachas/(easnamh) roimh itimí eisceachtúla




## Gnó Paisinéirí Iarnróid

### Ioncam

Thuairiscigh an gnó paisinéirí iarnróid ioncam de €141.0 milliún in 2004 i gcomparáid le hioncam de €136.8 milliún in 2003. Tá srian ar an ardú sin de 3% de bharr na ndúnta leanúnacha deireadh seachtaine le linn thionscadal uasghrádú DART. Measann an bhainistíocht gur ardaigh ioncam paisinéirí 5.6% nuair a bheadh sé comhlánta suas do dhúntaí thionscadal DART.

### Caiteachas


Is tosaíocht do ghnó paisinéirí rialú caiteachais ach ag an am céanna ag cinntiú caighdeán na seirbhíse. Tabhaíodh caiteachas iomlán de €213.7 milliún sa ghnó Paisinéirí Iarnróid le linn 2004. Is ionann sin agus ardú €8.1 milliún (4%) thar 2003. Áiríodh san ardú sin ítímí aon uaire agus is é an fo-ráta ardaithe ná 2.6% nuair a fhágtar iad sin amach.

# Athbhreithniú Oibríochtaí

**Turais Phaisinéirí**

Leanann an Clár Infheistíochta Iarnróid Náisiúnta ar cuid é den Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 ag léiriú torthaí dearfacha. Tá fás leanúnach ar éileamh feadh Intercity, DART agus seirbhísí Comaitéara agus measann an bhainistíocht go raibh turais phaisinéirí do 2004 ag 34.6 milliún turas. Meastar go raibh turais phaisinéirí laghdaithe thart ar 2.7 milliún (0.6 milliún in 2003) de bharr dúntaí deiridh seachtaine ar sheirbhísí DART. Is é an figiúr do na turais phaisinéirí coigeartaithe 37.3 milliún do 2004 i gcomparáid le turais phaisinéirí choigeartaithe de 36.2 milliún in 2003, ardú 3.0% feadh Seirbhísí DART, Commuter agus Intercity.

Turais phaisinéirí (2004 coigeartaithe do Uasghrádú DART)




## Infrastruchtúr

Bhí buntáiste ag cothabháil infrastruchtúir go leanúnach ó infheistíocht fhócasaithe le blianta beaga agus laghdaigh caiteachas €6.1 milliún go €63.0 milliún in 2004. Áirítear sa toradh muirir dhímheasa bhreise de €2.4 milliún a mbaineann €1.0 milliún de le coigeartú aon uaine maidir le trealamh comharthaíochta. Áirítear i dtoradh 2004 freisin costais phárolla i bhfad níos airde do lucht coimeáda geataí de bharr socruithe nua chun uaire oibre a lagdú. Thuairisc infrastruchtúr barrachas oibriúcháin, tar éis fóirdheontais agus roimh itimí eisceachtúla de €1.1 milliún do 2004 i gcomparáid le barrachas oibriúcháin de €1.8 milliún in 2003.

## Lastas

Thabhaigh lastais easnamh oibriúcháin de €9.0 milliún in 2004 agus cé gur ionann sin agus feabhas €5.3 milliún i gcomparáid le 2003, tá gá le réasúnú mór chun deireadh a chur le gníomhaíochtaí a dhéanann caillteanas.

Is é an cuspóir láithreach atá ag Lastas Iarnród Éireann ná an gnó a thabhairt arís chun brabúis. Is í an cheist mhór don rannóg Lastais ná an neamhbhrabúsacht a bhaineann le gnó na gCoimeádán Ualach Aonaid, nach bhfuil ann ach 10% den ghnó ach 70% den easnamh. Tá costais árais troma agus costais iompair bóthair atá seasta ag ardú mar ualach an-trom ar ghnó na gcoimeádán.  Le blianta beaga tá tionchar mór ar bhrúnna margaidh lena n-áirítear feabhsúcháin mhóra ar infrastruchtúir bhóithre ar an méid a iompraítear. Tá bonn costais an ghnó laghdaithe go mór le linn na 12 mí deiridh agus tá an próiseas ag leanúint ar aghaidh. Tá feabhas tagtha sa staid trádála dá bharr sin ach níl sé inmharthaine leanúint ag soláthar seirbhís ualaigh aonaid agus na caillteanais mhóra atá i gceist a sheasamh. Tá athmhúnlú ar an ngnó seo in 2005 fíorthábhachtach chun deireadh a chur leis an easnamh oibriúcháin.

## Europort Ros Láir

Is é Iarnród Éireann an tÚdarás Calafoirt do Europort Ros Láir agus tá an calafort arís ag déanamh brabús maith ainneoin roinnt deacrachtaí a bhí ag mórchustaiméirí i rith na bliana.

Bhain Europort Ros Láir barrachas oibriúcháin de €2.6 milliún amach in 2004 i gcomparáid le €2.5 milliún in 2003. Baineadh amach ioncaim de €10.3 milliún, ardú de 1.9% ar 2003, de bharr feidhmíocht mhaith sa trácht rolláil-ann rolláil-as a sheas go maith in aghaidh na laigí sa ghnó paisinéirí.

Scoir P&O Ferries d'oibríochtaí ar bhealach Cherbourg ó Eanáir 2005. Tá oibritheoir nua Celtic Link faighte áfach chun oibriú ar an mbealach rud a sheachnódh caillteanas ioncaim mór. Ó 2005 déanfaidh Irish Ferries gach obair a bhaineann le feithiclí a fháil ar bord a gcuid bád agus beidh caillteanas

# Athbhreithniú Oibríochtaí

mór ioncaim ansin do Iarnród Éireann. Tá laghduithe caiteachais cuí leagtha amach in aghaidh an chaillteanas ioncaim seo.

Tá infheistíocht de €5.6 milliún á dhéanamh le sábháilteacht oibriúcháin leanúnach Leapacha Ancaire 1 agus 2 a chinntiú agus tá sé i gceist go mbeidh sin tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana. Tugadh éifeacht faoi dhlí na hÉireann do Chód Slándála Saoráid Long & Port Idirnáisiúnta 2002 (ISPS)in 2004. Tá socruithe déanta sa chalafort chun a chinntiú go gcomhlíonfar an cód.

### Lónadóireacht

Thuairisc Network Catering easnamh de €0.3 milliún do 2004 i gcomparáid le heasnamh de €0.7 milliún in 2003, feabhas de €0.4 milliún. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i rith na bliana nuair a tarraingíodh siar as oibríochtaí lónadóireachta neamhlárnacha talún.

## Athnuachan ráille ar línte gathacha Intercity


Baineadh amach ceann de mórchlocha míle ó thaobh chlár athnuachana ráillí Iarnród Éireann in 2004 nuair a tugadh chun críche i mí na Nollag athnuachan na bpáirteanna deiridh ar ráille ar an lárlíonra gathach. Ciallaíonn sé sin ó 1999 tá os cionn 420 ráille uasghrádaithe ó ráille siúnta ar shlípír adhmaid go ráille comhthathaithe nua-aimseartha leanúnach ar shlípír choincréite. Chomh maith le buntáistí ó thaobh na sábháilteachta tá feabhas curtha aige sin ar an fhad a thógann turais agus rinneadh athnuachan ar ráillí ar na bealaí as Baile Átha Cliath go Gaillimh, Sligeach, Trá Lí, Port Láirge, Cathair na Mart, Béal an Átha, Inis agus Ros Láir.

Agus infheistíocht Intercity dírithe ag an tús ar ráillí agus infrastruchtúr beidh traenacha nua á bháil ag Intercity in 2005 le 67 carráiste nua tiomanta do bhealach Chorcaigh/ Bhaile Átha Cliath faoi láthair á dtógáil. Ag deireadh 2004 cuireadh amach an t-ordú is mó riamh de thraenacha nua ag Iarnród Éireann ar 120 carr ráille Intercity le teacht chun seirbhíse in 2007 agus 2008.

Cuirfidh sin ar ár gcumas cur go mór lenár minicíocht agus ár n-acmhainn ar bhealaí Intercity. Tá éirithe le níos mó úsáide charr ráille diasail ar ár mbealaí bruachbhailte agus chruthaigh siad a bheith solúbtha agus éifeachtach.

Is dlúthchuid dár bplean sealbhú na gcarranna ráille seo chun seirbhísí a uasdátú ar ár líonra Intercity lena n-áirítear línte Phort Láirge, na Gaillimhe, Chiarraí agus Chathair na Mart. Faoi láthair tá thart ar leath dár gcuid carráistí thar an aois agus tá sé i gceist againn flít iomlán nua-aimseartha a bheith againn faoi 2008. Agus muid á dhéanamh sin bainfimid leas iomlán as feabhsúcháin infrastruchtúir mar athnuachan iomlán ar obair ráille agus comharthaíocht chun a chur ar ár gcumas seirbhís níos minicí, níos compordaí agus níos tapúla a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí.

## Obair ráille



# Athbhreithniú Oibríochtaí

## Mórthionscadail infheistíochta – in am agus ar buiséad

Lean Iarnród Éireann leis an stair mhaith atá acu ó thaobh mórthionscadail a sheachadadh in am agus ar buiséad in 2004.

Ba í an tsuim iomlán a bhain le tionscadail chaipitil a críochnaíodh le linn 2004 agus tionscadail chaipitil a bhí ar bun ag deireadh 2004 ná €1.5 billiún. Tugadh tionscadail chaipitil chun críche in 2004 a choigil thart ar €16 milliún in aghaidh caiteachais cheadaithe. Chomh maith leis sin meastar go ndéanfar sábháilt de €15 milliún ar thionscadail chaipitil a bhí ar bun ag deireadh 2004.

Áiríodh sa chlár Caipitil mór-Thionscadail Infrastruchtúir agus Tionscadail Forbartha Líonra mar: Athfhorbairt Stáisiún Heuston, Uasghrádú DART, Athchomharthaíocht Bealaí Gathacha.

Áiríodh ar thionscadail Stoc Rollta sa Chlár Caipitil €1.5 billiún; 67 carráiste nua Intercity, 116 carr ráille diasail Comaitéara nua, 40 aonad nua DART agus athchóiriú mór agus athréiteach ar an bhflít bhunaidh de 76 aonad DART. Tá an conradh a ceadaíodh le gairid freisin do 120 carr ráille diasail Intercity san áireamh san fhigiúr.

## Infheistiú i saoráidí d'éascaíocht do custaiméir.

Leanadh ag cur feabhas ar shaoráidí do chustaiméirí le linn na bliana trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun freastal ar riachtanais chustaiméirí. Tugadh isteach DARTXT, an chéad seirbhís eolais téacs iompair phoiblí sa tír ar a bhfuil eolas beo seirbhíse. Trí théacs a chur chuig ainm stáisiún (m.sh. DART Ráth Éanaigh) chuig 53700 faigheann custaiméirí teachtaireacht téacs ar ais a thugann an chéad sraith eile imeachtaí i ngach treo. Tá éirithe thar cionn leis an tseirbhís le breis is 1,000 custaiméir DART ag baint leasa as an tsaoráid.

Tá áirithintí suíochán tosaithe ar líne ar www.irishrail.ie. Tá na suíochán sa chéad aicme agus seirbhísí premium ar fáil anois ar líne agus tá suíocháin aicme caighdeánach ar príomhthraenacha buaic-ama ar an Aoine á bpiolótú faoi láthair. Leanfar ag rolláil amach áirithintí suíochán ar líne le linn 2005. Tá meaisíní Dáileadh Ticéad a bhaineann leis an gcóras suiteáilte freisin ag príomhstáisiúin ag tabhairt deiseanna do chustaiméirí a gcuid cártaí creidmheasa a iontráil agus a gcuid ticéad a phiocadh suas d'uireasa dul i scuaine mar atá i gcóras na bpictiúrlann.

Tá meaisíní ceannach ticéad uathoibríocha tugtha isteach i mbreis is 60 stáisiún feadh sheirbhísí DART, Commuter agus Intercity agus amanna scuainí do thicéid laghdaithe go mór ag stáisiúin. Tairgeann na meaisíní raon ticéad agus leathnófar tuilleadh é sa líonra sna míonna amach romhainn.

## Feidhmíocht Oibriúcháin

Le linn 2004 d'fheabhsaigh poncúlacht go suntasach ar sheirbhísí Intercity phríomhlíne atá bunaithe ar Heuston. Chinntigh pleananna gnímh éifeachtacha chun laghdú a dhéanamh go mór ar an méid moilleanna ar thraenacha Intercity de bharr cúiseanna oibriúcháin, innealtóireacht mheicniúil agus infrastruchtúir gur baineadh amach go



*Chomh maith le traenacha agus bonnegar, tá Iarnród Éireann ag infheistiú i saoráidí do chustaiméirí.*

# Athbhreithniú Oibríochtaí

ginearála sprioc poncúlachta 90% an Mheamraim Tuisceana faoi dheireadh na bliana. Bhain seirbhísí traenacha DART agus Commuter leas as poncúlacht níos fearr sa chéad leath de 2004 ach d'fhulaing go suntasach ó thionchar thionscadal Uasghrádú DART ar an Taobh ó Thuaidh i gceantar Connolly sa dara leath den bhliain.


Ní minic ar chor ar bith a tharlaíonn cur ar ceal i gcás sheirbhísí Iarnród Éireann agus baineadh amach go leor in 2004 le ráta níos lú ná 1% de chealú traenach in aon ghnó paisinéirí.

Le linn na bliana i dtéarmaí foriomlánan bhí feidhmíocht iontaofachta chun cinn ar an sprioc 98% sa Mheamram Tuisceana sa trí chineál seirbhíse.

Áiríodh sa Tráthchlár Paisinéirí nua a tugadh isteach an 14 Nollaig 2003 ardú 25-43% ar acmhainn ar bhuaic sheirbhísí Commuter ar línte Dhroichead Átha, Mhaigh Nuad agus Chill Dara, roinnt seirbhísí Intercity ar línte Phort Láirge, na Gaillimhe agus Luimnigh agus seirbhísí áitiúla níos minicí i gceantair Chorcaí agus Luimnigh lena n-áirítear ardú radacach ar sheirbhís Inis-Luimneach. D'éirigh go maith le feidhmiú na seirbhísí nua agus d'fhreagair custaimeirí go dearfach do na feabhsúcháin.

Príomheilimintí a chuidigh le feidhmiú maith tráthchlárú ná coimisiúnú na 80 Carr Ráille Diasail nua, ag lánphàirtiú Áras Dhroichead Átha i ngnáthchúrsaí cothabhála reatha, soláthar breis ardán ag Heuston mar chuid d'athfhorbairt €117m an stáisiúin agus tabhairt chun críche ardáin nua agus saoráidí casadh thart ag stáisiún an Droichid Nua.

Buaic Acmhainn Bruachbhailte




## Sábháilteacht

An tosaíocht is airde fós i gcónaí ná Bainistíocht Sábháilteachta laistigh den eagraíocht. Chomh maith leis an infheistíocht i sonraíocht níos airde do shábháilteacht do stoc rollta nua agus infrastruchtúr cuireadh níos mó béime ar oiliúint sábháilteachta agus feasacht sábháilteachta i measc fostaithe.

Níor maraíodh aon phaisinéir ná aon duine den fhoireann le linn 2004.


Léirigh na staitisticí sábháilteachta in 2004 feabhsúcháin in go leor réimsí mar : gortuithe tríú páirtithe, ráillí briste/ scoilte, Comharthaí Tharstu ag Dáinséar agus eachtraí tine.

Bhí ardú ar eachtraí ar tríú páirtithe go sonrach fá ndear iad:

- Eachtraí ag crosairí comhréidh agus ar feithiclí bóithre poiblí fá ndear iad
- Bualadh droichead ag feithiclí bóithre poiblí

Beidh dianphionóis ag gabháil le Reachtaíocht Sábháilteachta Bóithre Iarnróid nua lena n-áirítear téarmaí príosúin do Bhualadh Droichead. Déanfar feachtas poiblíochta le linn 2005 chun aird a tharraing ar na rioscaí agus na dáinséir a bhaineann le droichid a bhualadh agus eachtraí ag crosairí comhréidh. Déanfar sin i gcomhar le Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid Eatramhach, na Gardaí, Cumann Lucht Lastais Bóithre, Údaráis Áitiúla agus an Roinn Iompair.

Líon na Ráillí Briste/Scoilte



# Athbhreithniú Oibríochtaí

## Inrochtaine

Tá oibreacha inrochtaine go háirithe cinn lena mbaineann soláthar ardaitheoirí/cosdroichid á ndéanamh faoi láthair as stáisiúin Chorcaí, Baile Átha Í, An Longfoirt, agus An Inse agus tá siad ceaptha a bheith críochnaithe go luath.

Tá an tionscadal Uasghrádú DART ag déanamh gach stáisiún DART inrochtaine faoi láthair chomh fada agus is féidir faoi dheireadh 2005.

Tá ardáin sa Mhuileann gCearr, Baile an Mhóta agus Cora Droma Rúis á bhfadú faoi láthair agus á ndéanamh go hiomlán ag comhlíonadh le ceanglais inrochtaine.

Síníodh conradh le gairid d'fhorbairt Féidireachta agus Dearaidh do dheich stáisiún ar líne Bhaile Átha Cliath/Chorcaí.

Cinnteoidh an clár uasghrádaithe freisin don fhlít stoc rollta go mbeidh gach carráiste inrochtaine ag cathaoir rothaí faoi 2007.

## Cleachtadh Samhail Fhreagair d'Éigeandáil

Chun tástáil a dhéanamh ar láidreacht an phlean d'fhreagairt d'éigeandáil socraíodh suas samhail d'éigeandáil an Mháirt 14 Meán Fómhair (Oibríocht Grey). Dhírigh an tsamhail ar dhíráilliú seirbhís charr ráille aicme 2700 ó Baile Uí Bhróithe go Luimneach.



*Is é DART an modh iompair poiblí is mó ar tháinig rath air sa tír seo fós agus bhí sé ag comóradh 20 bliain i 2004.*

Ar na príomhthorthaí intomhaiste a lorgaíodh bhí: am freagartha phearsanra Iarnród Éireann agus na seirbhísí éigeandála chuig an suíomh; a n-éifeachtacht; an chaoi ar bainistíodh na daoine 'a tháinig slán' lena n-áirítear comhchomhairle agus éifeachtacht ghníomhú an ionaid teileafóin éigeandála.

Bailíodh eolas uathu siúd a bhí páirteach sa chleachtadh chun teacht ar cheachtanna le foghlaim agus gníomhartha le déanamh chun ár bhFreagairt Éigeandála a neartú.

## Forbairt Gréasáin

**Tionscadal Uasghrádú DART:** Seachadfaidh tionscadal uasghrádú DART oibriúchán DART 8 gcarr agus Charr Ráille Diasail agus ardóidh buaicacmhainn iompair paisinéirí ar sheirbhísí DART agus Commuter atá ann ó 11,800 go 16,000 paisinéir san uair sa treo faoi dheireadh 2005. Cuimsíonn sé freisin roinnt forbairtí tábhachtacha lena n-áirítear rochtain agus bealach amach i gcás struchtúr stáisiúin do gach úsáideoir lena n-áirítear custaiméirí lena mbaineann bac gluaiseachta nó céadfaíoch.

Faoi dheireadh 2004 bhí na hardáin ar fad ar an taobh ó dheas leathnaithe mar a bhí 80% de na hardáin ar stáisiúin ar an taobh ó thuaidh. Tosaíodh ar oibreachta suímh agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir leo ó thaobh thógáil foirgintí dhá stáisiún nua ar an taobh ó thuaidh agus rinne athnuachan 75% ar an líne in airde.

Nuair a bhíonn seirbhísí ar fionraí le linn deiridh seachtainí tá socruithe speisialta déanta le busanna breise ar bhealaí in aice láimhe arna soláthar ag Bus Átha Cliath.

**Bealach Chill Dara:** Tá an dearadh tionscnaimh chun ceithre ráille a thabhairt isteach ar bhealach Chill Dara tugtha chun críche. Táthar ag breithniú roghanna maidir le céimniú a dhéanamh ar an tionscadal.

# Athbhreithniú Oibríochtaí

**N3 Spur:** Tá staidéar féidireachta tugtha chun críche faoi athoscailt líne na hUaimhe chomh fada le Pace in aice leis an N3 áit a gcasann an M3 leis agus tá pleanáil á dhéanamh do shaoráid *Park and Ride*.

**Stáisiún Lár na Cathrach:** Tá staidéar féidireachta á dhéanamh faoi lonnú stáisiún lár na cathrach chun cur le hacmhainn.

**Corcaigh/Mainistir na Corann:** Tá staidéar innealtóireachta ar bun faoi láthair chun luacháil a dhéanamh ar na riachtanais theicniúla agus na costais a bhainfeadh le hathoscailt bhrainse Gleanntáin go Mainistir na Corann.

**Crosairí comhréidh:** Le linn 2004, dúnadh 45 crosaire comhréidh lena n-áirítear 25 a ceapadh ardriosca a bheith ag baint leo. Rinne uasghrádú ar 6 crosaire comhréidh breise agus rinne obair athnuachana miona agus uasghrádaithe ar 30 crosaire comhréidh eile.

**Cosaint Cósta;** Tugadh faoi obair lena n-áirítear neartú ar Dhroichead Viaduct Slatty, agus bearta cosanta cósta ag Fánáin Chill Iníon Léine, Na Clocha Liatha go Cill Mhantáin agus ag Ceann Bhré.

**Athchomharthaíocht:** Ta dul chun cinn mhaith á dhéanamh ar thionscadal €44.4 milliún chun comharthaíocht leictreonaic nua-aimseartha a shuiteáil ar línte na Gaillimhe, Phort Láirge, Thrá Lí, Shligigh agus tá línte na Gaillimhe, Phort Láirge agus Thrá Lí críochnaithe; agus tá Sligeach ceaptha a bheith críochnaithe ag deireadh Shamhain 2005.

**Athnuachan Dhíon Halla Traenach Stáisiún Heuston:** Tá conradh ligthe le gairid chun obair athnuachana a dhéanamh ar dhíon halla traenach Stáisiún Heuston ar chostas €13.5 milliún. Bhí an chéad díon ann ó thart ar 1840aidí agus ní fhéadfaí é a dheisiú. Coinneofar go leor de na gnéithe bunaidh sa díon nua, beidh solas níos fearr ann chomh maith le aerú níos fearr agus beidh níos mó compoird ann do na custaiméirí.

**Cothabháil ar Stoc Rollta:** Leanadh ar aghaidh le feabhsúcháin ar shocruithe agus shaoráidí chun cothabháil a dhéanmh ar an stoc rollta. Tá an t-áras i nDroichead Átha anois faoi lánfheidhm agus tá flít de 144 carr ráille ann. Tá clár cóirithe locomotive don flít de 201 ann. Tá pleananna d'áras nua i Lár Tíre le seirbhís a dhéanamh ar 120 carr ráille Intercity le teacht chun seirbhíse in 2007 ag déanamh dul chun cinn maith.

**Cosaint Ioncaim:** Féachtar ar bhailíocht exit mar phríomhghné ó thaobh póitinsil ioncaim ghréasán DART a chinntiú agus cuirfear i bhfeidhm ag mórstáisiúin mórcheantar faoi dheireadh 2005.

## Pleanáil chun Freastal a dhéanamh ar Éileamh Custaiméirí

Glactar cur chuige comhordaithe ó thaobh fhorbairt seirbhísí ag clúdach gach gné lena n-áirítear infrastruchtúr, comharthaíocht, stáisiúin, stoc rollta agus córais. Tá go leor bainte amach le blianta beaga ó thaobh fhorbairt infhrastruchtúr bealaí, comharthaíocht agus stáisiúin mhóra.

Is iad na príomhthosaíochtaí anois ó thaobh freastal ar riachtanais an Straitéis Spáis Náisiúnta ná forbairt na flíte chun freastal a dhéanamh ar sheirbhís miníochtaí níos mó agus am-thráthanna cloig agus go sonrach an seoladh in 2006 ar an tseirbhís in aghaidh na huaire idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath a bheidh ina athrú suntasach i sceidil seirbhísí Intercity. Leanfaidh tuilleadh feabhsúchán le seachadadh 120 carr ráille Intercity. Tabharfaidh sin aghaidh ar chuid mhaith saincheisteanna forbartha réigiúnacha.

Tá an clár oibre leagtha amach ag roinnt príomhstaidéir straitéiseacha réigiúnacha agus náisiúnta d'fhorbairt seirbhísí Intercity agus ráille comaitéara araon. Léiríonn sin na patrúin deimeagrafacha atá ag athrú agus an gá atá le béim níos mó ar fhorbairt réigiúnach. Ar na príomhchinn i measc na staidéar tá

# Athbhreithniú Oibríochtaí

- An Straitéis Náisiúnta Spáis (NSS)
- Na Treoirlínte Pleanála Réigiúnach (RPGs) don ocht bhforéigiún ag teacht as NSS.
- An tAthbhreithniú Iarnróid Straitéiseach (SRR)

Bhí Iarnród Éireann páirteach go gníomhach in ullmhú na bpleananna sin agus d'aithin roinnt príomhshaincheisteanna a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh orthu ina chlár infheistíochta tosaíochta agus na pleananna níos fadtéarmaí. Áirítear orthu sin:

- Criosanna comaitéara a leathú idir príomhchathracha go háirithe Baile Átha Cliath,
- An gá práinneach atá le haghaidh a thabhairt ar chonstaicí acmhainní i ngnóthaí Intercity agus Commuter araon, agus
- An gá le huasghrádú/nuachóiriú a dhéanamh ar shaoráidí agus stoc rollta chun seirbhís níos iomaíche agus níos tarraingtí a sheachadadh don phobail taistil.

## Forbairt Réigiúnach

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar fhorbairt seirbhísí réigiúnacha ag baint leas as carranna ráille agus

- Tá Iarnróid Éireann páirteach i staidéir thionscnaíocht d'fhorbairt Conaire Iarnród an Iarthair
- Tá mionstaidéar innealtóireachta agus féidireachta ar bun ar bhrainse Mhainistir na Corann ag ullmhú d'athbhunú agus d'athoscailt na líne
- Tá breis seirbhísí ag baint úsáide as carranna ráille tugtha isteach ar líne Phort Láirge go Luimneach
- Tá athnuachan mhaith déanta ar líne Luimneach go hInis le haghaidh seirbhísí paisinéirí minicíochtaí níos mó

Tá infheistíocht déanta ar an líne ag Port Láirge go Luimneach le hathbhunú Viaduct Chathair agus tugadh isteach seirbhís charranna ráille diasail le naisc níos fearr ag Acomhal Luimnigh.


### Forbairt san Iarthar

Bhunaigh an tAire Iompair Grúpa Oibre chun athbhreithniú a dhéanamh féachaint an bhféadfaí athoscailt a dhéanamh ar Chonair Iarnród an Iarthair idir Sligeach agus Luimneach. Tá roinnt grúpaí oibre bunaithe chun eilimintí éagsúla den staidéar a leanúint, staidéar atá ceaptha a bheith tugtha chun críche roimh lár 2005.

### Forbairt réigiúnach Chorcaí

Tar éis staidéar féidireachta a dhéanamh d'fhógair an tAire Iompair i mBealtaine 2004 go raibh maoiniú ceadaithe d'athoscailt líne Chorcaigh go Mainistir na Corann mar chuid phlean d'fhorbairt seirbhísí ráille comaitéara i gCorcaigh mar a moladh ar dtús i bPlean Straitéise Cheantar Chorcaí. Tá staidéar mion dearaidh agus féidireachta ar bun faoi láthair chun ceisteanna innealtóireachta a chinneadh agus chun meastacháin costais chaipitil níos mine a shocrú agus moladh a dhéanamh maidir le straitéis fála/feidhmithe. Tá grúpa stiúrtha ceaptha faoi chathaoirleacht an Roinn Iompair ar a bhfuil Iarnród Éireann agus Bainisteoirí as an Údarás Áitiúil.

Léarscáil Réigiúnach Chorcaí



# Athbhreithniú Oibríochtaí


## Plean Lánpháirtithe Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Tá plean lánpháirtithe do mhórcheantar Bhaile Átha Cliath forbartha ag Iarnród Éireann. Tá an poitéinseal ag baint leis an bplean an acmhainn iompair atá ann faoi láthair a mhéadú faoi ceathair agus soláthrófar 5 stáisiún nua fothalamh i lár na Cathrach agus 17 stáisiún nua in ionaid iargúlta.

Tá sé i gceist leis an bplean céimnithe atá molta gréasán iompair phoiblí lánpháirithe agus comhleanúnach a chruthú a thabharfadh rochtain níos fearr idir lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus beagnach gach ionad mór daonra laistigh de 100cm den chrios comaitéara. D'éascódh gréasán lánfhorbartha le tollán naisc soir-siar lár na Cathrach athrú radacach ar an ngréasán seirbhísí atá ann faoi láthair le tráthchláir níos solúbtha agus níos iontaofa. Thabharfadh sé freisin idir-athrú níos éasca agus níos furasta idir na seirbhísí busanna agus ráille (Bruachbhailte, LUAS agus Metro).

Tá cás gnó don Phlean Lánpháirtithe curtha faoi bhráid an Roinn Iompair lena bhreithniú.

Plean lánpháirtithe mhórcheantar Bhaile Átha Cliath




## Comhalta Boird

Is mór an t-údar bróin dúinn insint faoi bhás an Uasail Plevna Ellis in Iúil 2004.

Bhí sé ar Bhord Chóras Iompair Éireann chomh maith le ar Bhord Iarnród Éireann.

Ba mhór é a chúnamh do na Boird agus ba mhór againn a chuid eolais, dúthrachtacht agus tiomantais i leith obair thábhachtach roinnt coistí boird agus na ngrúpaí comhairle. Thaitin sé go mór leis a bheith ag obair leis Grúpa Comhairle Innealtóireachta Meicniúla, Grúpa Comhairle Infrastruchtúir agus Grúpa Comhairle Athchóiriú DART. Aireoimid uainn go mór é.

## Fostaithe

### Líon Fostaithe

Ba é líon lárfhostaithe ag deireadh na bliana ná 5,178 (5,352 in 2003). Is ionann sin agus laghdú de 174 ó dheireadh 2003. Chomh maith leis sin d'ardaigh an líon fostaithe inár rannóg Oibreacha Nua ag déileáil le tionscadail infheistíochta ó 253 go 369 chun freastal a dhéanamh ar an gclár infheistíochta atá ag leathnú.

### Rannpháirtíocht Fostaithe

I gcomhar leis an Ionad Náisiúnta do Chomhpháirtíocht, tá Iarnród Éireann ag obair chun caidreamh fostaithe/ bainistíochta/ceardchumann níos láidre a fhorbairt a bheith ar mhúnla chomhpháirtíocht ghníomhach. I dtús báire tá comhoibriú á léiriú i gcomhthionscnamh oiliúna lena mbaineann ionadaithe áitiúla foirne agus bainistíochta.

### Comhdheiseanna

Faoi láthair tá daoine as tríocha náisiúnacht ar fhórsa saothair Iarnród Éireann. Le linn 2003 forbraíodh Polasaí foirmiúil ar Éagsúlacht agus Comhionannas lena fhoilsiú agus lena fheidhmiú go luath in 2004.

# Athbhreithniú Oibríochtaí

Dréachtaíodh Cód Cleachtais d'Fostú Daoine le Míchumais agus eisíodh é le linn na bliana.

Bhunaigh Iarnród Éireann Líonra Cóimheá Obair/Saoil mar chuid de Ghrúpa TrasEagraíochtúil le tacú maoinithe ón AE.

Tugadh isteach saoire an chéad lá ar scoil do thuismitheoirí. Forbraíodh polasaithe Teilea-Oibre agus Saoire Am Téarma chun cur leis an raon saoire agus socruithe oibre atá ann a chuidíonn le cóimheá oibre/saol baile.

## Polasaí Drugaí & Alcóil

Tháinig polasaí corparáidí ag tabhairt cinnteachta in aghaidh úsáid mhíchuí drugaí/óil in éifeacht 1 Iúil 2004.

Leagann an polasaí sin amach cur chuige na Cuideachta agus an próiseas chun déileáil le rioscaí a thagann ann don fhoireann, d'úsáideoirí iarnróid agus don phobal agus iad á dhéanamh sin cuirtear freagrachtaí áirithe ar an bhfoireann agus ar an mbainistíocht. In Aibreán 2004 thosaigh ár nOifigeach Chur Chun Cinn Sláinte sraith leathan ceardlann feasachta faoi mhí-úsáid drugaí/alcóil. Thacaigh feachtas póstaer ón gcuideachta ar fud na tíre leis an tionscnamh sin ag cur na bhfostaithe uile ar an eolas faoi na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid drugaí/alcóil.



*Ag infheistiú ar mhaithe le todhchaí an iarnróid, agus le todhchaí ár dtíre.*